BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

# SONRAÍOCHT AN DUINE
# PHRÍOMHOIDE TÁNAISTEACH

## Critéir Riachtanacha:

Ní mór don iarrthóir a bheith in ann na critéir seo a leanas a chomhlíonadh chun a bheith incháilithe le haghaidh a c(h)eapacháin:

- Cáilíochtaí Múinteoireachta Iarbhunscoile a bheith aige nó aici atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun críche múinteoireachta i scoil dara leibhéal arna sainmhíniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Chomh maith le cáilíocht an Cheard-Teastais Gaeilge nó an TGMI nó an cháilíocht sa Ghaeilge de réir Chiorclán 21/00, eisithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Ar a laghad cúig bliana taithí mhúinteoireachta lán-ama shásúil nó a cóibhéis.
- A bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

## Na Príomhinniúlachtaí atá Riachtanach:

- **Ag Tabhairt Ceannaireachta do Mhúineadh agus d'Fhoghlaim**
  Tuigeann sé nó sí gur teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán príomhchúram scoile, agus léiríonn sé nó sí go bhfuil na scileanna acu feidhmiú mar cheannaire teagaisc.

- **Ceannaireacht a thabhairt d'Fhorbairt na Scoile**
  Léiríonn sé nó sí go bhfuil an cumas aige nó aici peirspictíocht leathan fhadtéarmach a bheith acu ar riachtanais, cuspóir agus aidhmeanna na scoile.

- **Acmhainn Cheannaireachta a Fhorbairt**
  Léiríonn sé nó sí go bhfuil siad toilteanach agus go bhfuil an cumas acu daoine aonair agus foirne a fhorbairt sa phobal scoile trí chéile agus ceannaireacht laistigh de na foirne sin a tharmligean.

- **Cumarsáid**
  Tá an cumas aige nó aici tuairimí agus meonta a chur in iúl go soiléir trí chaidreamh éifeachtach cuí comhbhách le gach geallshealbhóir i réimse éagsúil suíomhanna agus comhthéacsanna.

- **Eagraíocht a Bhainistiú**
  Baineann sé nó sí úsáid as réimse acmhainní, ábhar tacaíochta agus próisis chun a chinntiú go reáchtáiltear an scoil ar bhealach éifeachtach.

- **Féinfheasacht agus Féinbhainistíocht**

Tá sé nó sí feasach air nó uirthi féin agus tá an cumas aige nó aici bainistíocht a dhéanamh orthu féin agus tabhairt faoi fhorbairt phearsanta agus phroifisiúnta.

**Beidh na tréithe seo a leanas ag an iarrthóir rathúil:**

- ina c(h)eannaire, tiomanta do na caighdeáin is airde maidir le soláthar, riarachán agus rialachas oideachais
- dúil as cuimse san oideachas
- scileanna láidre bainistíochta daoine agus scileanna eagrúcháin
- fís oideachais, mar aon le taithí ar thograí a sheachadadh trí obair foirne
- a bheith ag faire amach do leas an phobail agus eolach ar an ról atá ag an scoil sa phobal áitiúil